Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**12787/25**

**TRANS 382**
**DELACT 130**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 5969 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 9.9.2025 lena leasaítear Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun an tagairt don Chaighdeán Eorpach is déanaí lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh Soithí Loingseoireachta Intíre (ES-TRIN 2025) a thabhairt cothrom le dáta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 5969 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 5969 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.9.2025
C(2025) 5969 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 9.9.2025**

**lena leasaítear Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun an tagairt don Chaighdeán Eorpach is déanaí lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh Soithí Loingseoireachta Intíre (ES-TRIN 2025) a thabhairt cothrom le dáta**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

### 1.1 An gá atá le tagairt a dhéanamh do cheanglais theicniúla atá cothrom le dáta

Le Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre[1] (dá ngairtear an 'Treoir' anseo feasta), tá ceanglais theicniúla chomhchuibhithe, shábháilte agus cothrom le dáta le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre le háirithiú. Dá réir sin, ní mór do shoithí a thagann faoi raon feidhme substainteach agus críochach na Treorach deimhniú um loingseoireacht intíre a fháil lena ndeimhnítear go gcomhlíonann soitheach na ceanglais a leagtar amach sa Treoir.

Déantar foráil maidir leis na ceanglais theicniúla sin in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir trí thagairt a dhéanamh don Chaighdeán Eorpach lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh Soithí Loingseoireachta Intíre (ES-TRIN). Is caighdeán comhchuibhithe Eorpach é ES-TRIN agus tugann an Coiste Eorpach um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre (CESNI) é cothrom le dáta go tráthrialta. Ní mór an tagairt in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir a athrú chun na ceanglais theicniúla nuashonraithe a chur san áireamh. Le blianta beaga anuas, tharla sé sin in 2018[2], 2019[3], 2021[4] agus 2023[5].

### 1.2 Comhthéacs institiúideach

Is é an tagairt do chaighdeán CESNI, eadhon ES-TRIN, rialacha teicniúla comhchuibhithe a áirithiú ar fud na hEorpa. Is é an Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin (CCNR) a chruthaigh CESNI i gcomhar leis an Aontas in 2015. Is eagraíocht idirnáisiúnta é CCNR a bunaíodh sula raibh an tAontas ann agus a bhfuil inniúlachtaí rialála aige maidir le cúrsaí loingseoireachta intíre ar an Réin. Is í an Réin an t-uiscebhealach intíre is déine a úsáidtear san Eoraip agus, dá bhrí sin, tá taithí shuntasach forbartha ag CCNR maidir le ceanglais theicniúla a bhunú le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre le himeacht ama.

---

1 Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 118, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/1629/oj).

2 Treoir Tharmligthe (AE) 2018/970 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2018 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre (IO L 174, 10.7.2018, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_del/2018/970/oj).

3 Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1668 ón gCoimisiún an 26 Meitheamh 2019 lena leasaítear Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre (IO L 256, 7.10.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/1668/oj).

4 Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1308 ón gCoimisiún an 28 Aibreán 2021 lena leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le modhnú an liosta d'uiscebhealaí intíre de chuid an Aontais agus na híoscheanglais theicniúla is infheidhme maidir le hárthaí (IO L 284, 9.8.2021, lgh. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/1308/oj).

5 Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2477 ón gCoimisiún an 30 Lúnasa 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haicmiú uiscebhealaí intíre de chuid an Aontais agus na híoscheanglais theicniúla is infheidhme maidir le hárthaí (IO L, 7.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2477/oj).

Is trí CESNI a áirithíonn an tAontas agus CCNR go nglactar caighdeáin theicniúla atá comhchuibhithe, sábháilte agus cothrom le dáta sa loingseoireacht intíre i réimsí éagsúla, go háirithe maidir le soithí, teicneolaíocht faisnéise agus criú, léirmhíniú comhionann na gcaighdeán sin agus na nósanna imeachta comhfhreagracha, chomh maith le plé ar shábháilteacht loingseoireachta, ar chosaint an chomhshaoil nó ar réimsí eile den loingseoireacht.

Trí rannpháirtíocht Bhallstáit uile an Aontais agus Bhallstáit uile CCNR, tá an saineolas is gá ag CESNI chun caighdeáin is coiteann do ghréasán iomlán na n-uiscebhealaí intíre san Aontas Eorpach a tharraingt suas. Faireann an tAontas ar obair CESNI chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta a gcuimsítear ina misean na réimsí lena mbaineann CESNI.

Sula nglacfaidh seisiún iomlánach CESNI caighdeán nua ES-TRIN, déantar an nós imeachta i gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE a thabhairt i gcrích. I ndáil leis sin, le Cinneadh (AE) 2024/2687 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2024[6], cuireadh ar bun an seasamh atá le glacadh ag Ballstáit an Aontais thar ceann an Aontais chun ES-TRIN 2025/1 a ghlacadh in CESNI. Dá réir sin, an 17 Deireadh Fómhair 2024, ghlac CESNI ES-TRIN 2025/1.

1.3 An ES-TRIN is déanaí

Is iondúil go dtugann CESNI a ES-TRIN cothrom le dáta dhá uair sa bhliain chun dul chun cinn teicneolaíoch a chur san áireamh chomh maith le hinfheidhmeacht na rialacha a áirithiú. Ionchorpraítear leasuithe éagsúla in ES-TRIN 2025/1, go háirithe leasuithe maidir leis na réimsí seo a leanas:

- Breoslaí íseal-splancphointe, go háirithe stóráil agus úsáid meatánóil,
- Limistéir ghuaiseacha a mharcáil agus breoslaí a lipéadú,
- Córais tiomána leictrí,
- Taisc-cheallraí litiam-ian,
- Plaisteach treisithe le halúmanam nó le snáithín a úsáid chun soithí paisinéirí a thógáil,
- Tréigean an phrótacail um pharaiméadar innill,
- Aitheantas do dhíolúine tástála allamuigh d'innill,
- Naisc líonta agus dathchóid iomchuí,
- Trealamh loingseoireachta agus faisnéise, go háirithe trealamh AIS Intíre,
- Ionaid cóireála séarachais,
- Cábáin stiúracha ardaithe agus forálacha idirthréimhseacha maidir le cábáin stiúracha in-aistarraingthe,
- Córais spréite uisce brúchóirithe uathoibríocha,
- Píosaí nasctha idir ancaire agus slabhra,
- Cábáin codlata,
- Tagairtí do na Rialacháin maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin, do ES-RIS 2025/1 agus do chaighdeáin idirnáisiúnta eile a thabhairt cothrom le dáta.

I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir do ES-TRIN 2025/1 mar an leagan is déanaí.

[6] IO L, 14.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2687/oj.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 32(4) den Threoir, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016, sula nglacfaidh sé Gníomh Tarmligthe. Rachfar i gcomhairle le comhaltaí ghrúpa saineolaithe an Choimisiúin maidir le ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre maidir leis an dréacht den ghníomh tarmligthe.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tugadh de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh le hAirteagal 32 den Treoir. Foráiltear le hAirteagal 31(1) den Treoir go bhfuil an Coimisiún le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an tagairt in Iarscríbhinn II a thabhairt cothrom le dáta leis an leagan is déanaí de chaighdeán ES-TRIN, gan aon mhoill mhíchuí, agus chun dáta a shocrú maidir lena chur i bhfeidhm. Is é ES-TRIN 2025/1 an leagan is déanaí de ES-TRIN agus áirítear ann na leasuithe is gá.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 9.9.2025**

**lena leasaítear Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun an tagairt don Chaighdeán Eorpach is déanaí lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh Soithí Loingseoireachta Intíre (ES-TRIN 2025) a thabhairt cothrom le dáta**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE[7], agus go háirithe Airteagal 31(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le gníomhaíocht de chuid an Aontais in earnáil na loingseoireachta intíre, ba cheart an aonfhoirmeacht a áirithiú agus ceanglais theicniúla á bhforbairt le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre san Aontas.

(2) Le Treoir (AE) 2016/1629 leagadh síos córas comhchuibhithe chun deimhnithe teicniúla a eisiúint le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre trí thagairt a dhéanamh, *inter alia*, do cheanglais theicniúla an Choiste Eorpaigh um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre (‘CESNI’).

(3) Bunaíodh CESNI an 3 Meitheamh 2015 faoi chuimsiú an Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin (‘CCNR’) chun caighdeáin theicniúla aonfhoirmeacha a fhorbairt le haghaidh uiscebhealaí intíre i réimsí éagsúla, go háirithe maidir le soithí agus maidir le ceanglais theicniúla le haghaidh soithí. Déantar tagairt do na caighdeáin sin freisin i gcóras dlí CCNR.

(4) Foráiltear le hIarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629 gurb iad na ceanglais theicniúla is infheidhme maidir le hárthaí na ceanglais sin a leagtar amach sa Chaighdeán Eorpach lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh soithí loingseoireachta intíre san eagrán 2023/1 a ghabhann leis (ES-TRIN 2023/1). Le ES-TRIN leagtar síos ceanglais theicniúla aonfhoirmeacha atá riachtanach chun sábháilteacht soithí loingseoireachta intíre a áirithiú.

(5) Ag an gcruinniú a bhí aige an 17 Deireadh Fómhair 2024, ghlac CESNI eagrán nua de ES-TRIN, mar atá ES-TRIN 2025/1. Le ES-TRIN 2025/1, tugtar isteach go háirithe rialacha nua maidir le breoslaí íseal-splancphointe, go háirithe stóráil agus úsáid meatánóil, marcáil limistéar guaiseach agus lipéadú breoslaí, córais tiomána leictreacha agus taisc-cheallraí litiam-ian, úsáid plaistigh atá treisithe le halúmanam nó

[7] Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla do shoithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 118, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/1629/oj).

le snáithín chun soithí paisinéirí a thógáil, prótacal paraiméadair innill a thréigean, díolúine tástála allamuigh a aithint d'innill, naisc líonta agus dathchóid iomchuí, trealamh loingseoireachta agus faisnéise, go háirithe trealamh AIS intíre, gléasraí cóireála séarachais, cábáin stiúracha ardaithe agus forálacha idirthréimhseacha le haghaidh cábáin stiúracha in-aistarraingthe córais spréite uisce brúchóirithe uathoibríocha, píosaí nasctha idir ancaire agus slabhra agus cábáin codlata.

(6) Dá bhrí sin ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629 a mhodhnú chun a áirithiú gurb iad na ceanglais theicniúla a leagtar amach in ES-TRIN 2025/1 na ceanglais theicniúla is infheidhme maidir le hárthaí agus ba cheart iad a bheith infheidhme ón 1 Eanáir 2026.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir (AE) 2016/1629 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9.9.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*